C/2025/665

28.1.2025

Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis, ina dtaobh

(C/2025/665)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle [2], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/155 ón gComhairle [3], ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle [4].

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrthóir RELEX (Gnóthaí Eachtracha) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo; is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht na Comhairle
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí
data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2011/72/CBES, arna leasú ag Cinneadh (CBES) 2025/155, agus Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2011/72/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

Ar na sonraí pearsanta a bhailítear, áirítear pé sonraí is gá chun an té lena mbaineann a shainaithint i gceart, mar aon leis an ráiteas ar chúiseanna, agus aon sonraí eile dá mbaineann leis sin.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a roinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar d'aon srianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, mar shampla ceart rochtana, chomh maith leis an gceart go ndéanfaí ceartúcháin nó an ceart chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Déanfar sonraí pearsanta a choimeád go ceann 5 bliana ón uair a bhainfear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a rachaidh bailíocht an bhirt in éag, nó fad a mhairfidh imeachtaí cúirte i gcás inar cuireadh tús lena leithéidí.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

---

[1] IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
[2] IO L 28, 2.2.2011, lch. 62.
[3] IO L, 2025/155, 28.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/155/oj.
[4] IO L 31, 5.2.2011, lch. 1.